MAIDIR LE hIARRATAS CHUIG

AN mBORD PLEANÁLA

I nDÁIL LE CEADÚ (I) CHUARBHÓTHAR CHATHAIR NA GAILLIMHE AN N6 DE BHUN ALT 51 d'ACHT NA mBÓITHRE 1993 (ARNA LEASÚ); (II) SCÉIM MÓTARBHEALAIGH CHUARBHÓTHAR CHATHAIR NA GAILLIMHE AN N6 2018; agus (III) SCÉIM BÓTHAIR CHOSANTA CHUARBHÓTHAR CHATHAIR NA GAILLIMHE AN N6 2018

ABP Tag. ABP-302848-18 agus ABP-302885-18

ÉISTEACHT Ó BHÉAL

RÁITEAS Fianaise

Freagraí ar Agóidí/Aighneachtaí

maidir le Cúrsaí Tírdhreacha agus Radhairc

le


**Thomas Burns**

**(B.Agr.Sc (Landscape); Dip. EIA Management;**

**Ad. Dip. Planning and Environmental Law)**

**Brady Shipman Martin**


**20 Feabhra 2020**

# 1 Cáilíochtaí agus Taithí

1.1 Thomas Burns is ainm dom agus tá mé i mo Pháirtnéir agus i m'Ailtire Tírdhreacha le Brady Shipman Martin, comhairleoirí timpeallachta, tírdhreacha agus pleanála. Tá Céim Baitsiléara in Eolaíocht Talmhaíochta agam i gcúrsaí Tírdhreacha agus Dioplóma Iarchéime sa Bhainistíocht maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta as Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath chomh maith le hArd-Dioplóma i nDlí na Pleanála agus na Timpeallachta ó Óstaí an Rí.

1.2 Tá níos mó ná 30 bliain caite agam ag plé le measúnacht tírdhreacha agus radhairc. I rith an ama sin, tá bearta measúnacht curtha i gcrích agam maidir le réimse leathan tograí a bhaineann le forbairt bonneagair – níos mó ná 750km de príomhbhóithre náisiúnta agus de bhóithre náisiúnta den dara grád, chomh maith le forbraíocht ar áitribh tionsclaíochta, cónaithe agus institiúide agus tá fianaise curtha ar fáil go rialta agam ag éisteachtaí poiblí ó bhéal.

# 2 Ról maidir leis an bhForbairt ar an mBóthar Beartaithe

2.1 Maidir leis an togra seo, bhí baint agam leis an measúnacht ar thionchar tírdhreacha agus radhairc mar gheall ar an mbóthar beartaithe a fhorbairt agus le bearta maolúcháin i ndáil le cúrsaí tírdhreacha agus radhairc a thabhairt chun suntais.

# 3 Na Ceisteanna Príomhthábhachta maidir le Gnéithe Tírdhreacha agus Radhairc

## 3.1 Forléargas ar Ghnéithe Tírdhreacha agus Radhairc

3.1.1 Táthar á chur i gcás go bhfuil an EIAR léite agus níl a bhfuil ann á leagan amach in athuair anseo. D'fhonn cuidiú leis an mBord an t-iarratas a mheas agus an t-ábhar mar fhreagra i ndáil le hagóidí agus aighneachtaí a chur i gcomhthéacs, tugtar achoimre gairid sa mhéid a leanas ar roinnt de na nithe príomhthábhachta maidir leis an measúnacht tírdhreacha agus radhairc a leagtar amach go mion is i gCaibidil 12 san EIAR.

3.1.2 Is trí thaobh tíre ar tírdhreach tuaithe den chuid is mó agus tírdhreach imeall cathrach atá ann, siar, soir agus ó thuaidh de Chathair na Gaillimhe, a ritheann an bóthar beartaithe. Tá suntas le forbraíocht áras cónaithe ar fud an réimse agus go mór mór leis na bóithre áitiúla as Bearna go Leitreach; i gceantair bruachbhailte i mBarr na Crannaí agus i nDaingean i dtuaisceart na cathrach; le Bóthar Áth Cinn an N84 i mBaile an Dúlaigh agus thart ar réimse sráidbhaile an Chaisleáin Ghearr soir/soir ó thuaidh ón gcathair.

3.1.3 Áirítear ar na príomhghnéithe a bhfuil suntas tírdhreacha agus radhairc leo, faoi mar a leagtar amach in Alt 12.3.1.10 i gCaibidil 12 san EIAR:

- conair Abhainn na Gaillimhe agus suíomh níos forleithne na habhann, lena n-áirítear seanbhallaí suntasacha Chaisleán Mhionlaigh
- cuma leathnádúrtha réimsí den taobh tíre, go háirithe siar agus ó thuaidh as Bearna agus siar ó thuaidh as Cathair na Gaillimhe
- Tailte taitneamhachta, caitheamh aimsire agus spóirt Champas Spóirt OÉG le bruach thiar Abhainn na Gaillimhe
- tailte oscailte caitheamh aimsire Chúrsa na Rásaí
- líon, suntas agus taitneamhacht radhairc na n-áitreabh cónaithe atá suite leis an mbóthar beartaithe, go mór mór ó thuaidh as Bearna; siar ó thuaidh as Cathair na Gaillimhe; an dá thaobh de Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59, ó thuaidh den chathair; le Bóthar Áth Cinn an N84 ag Loch Bhaile an Dúlaigh agus ag an gCaisleán Gearr soir ó thuaidh den chathair; agus as Baile an Bhriotaigh go Cúil Each-Cnoc Maoil Dris soir ón gcathair

3.1.4 Tarlóidh tionchar suntasach tírdhreacha agus radhairc i rith chéim na tógála agus chéim tosaigh na húsáide as an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt go dtí an tráth sin a mbíonn bonn faoi na bearta forleitheadacha tírdhreacha agus radhairc agus iad níos éifeachtaí de réir a chéile maidir leis an ábhar tionchair a mhaolú.

3.1.5 Leagtar amach na príomhghnéithe nó na príomhthréithe a ghabhann leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar dhócha tionchar tírdhreacha agus radhairc a theacht dá mbarr faoi Alt 12.4 i gCaibidil 12 san EIAR, i rith chéim na tógála (Alt 12.4.1) agus chéim na húsáide (Alt 12.4.2) araon. Is iad na nithe is mó le tabhairt san áireamh maidir le tionchar tírdhreacha agus radhairc:

- áitribh, réimsí tírdhreacha agus réimsí taitneamhachta
- réimsí tírdhreacha siar agus ó thuaidh as Bearna agus ó Abhainn na Gaillimhe chomh fada le Baile an Dúlaigh
- tírdhreacha réimsí cónaithe bruachbhailte suite an dá thaobh de Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 agus as Baile an Dúlaigh chomh fada leis an gCaisleán Gearr agus Baile an Bhriotaigh
- conair Abhainn na Gaillimhe, Campas Spóirt OÉG san áireamh

3.1.6 Tugtar san áireamh leis an bhforbairt atá beartaithe ar an mbóthar réimse cuimsitheach mionsonraithe de bhearta ar mhaithe le tionchar tírdhreacha agus radhairc a sheachaint, a mhaolú agus a athfheabhsú. Tugtar mionsonraí faoi na bearta maolúcháin sin in Alt 12.6, Tábla 12.7 agus Tábla 12.8 i gCaibidil 12 san EIAR agus sna Fíoracha 12.1.01 go dtí 12.1.15 in Imleabhar 3 den EIAR.

3.1.7 Is eol dom go bhfuil líon suntasach de na hagóidí agus de na haighneachtaí ina dtarraingítear anuas ceisteanna maidir leis na bearta tírdhreacha atá á moladh le bealach an bhóthair bheartaithe. Tugaim, dá bhrí sin, cuntas mion ar na bearta maolúcháin atá i gceist faoi na freagraí ar na haighneachtaí.

3.1.8 Beidh oiread áirithe de thionchar iarmharach radhairc i gceist i gcónaí maidir le háitribh cónaithe agus áitribh eile atá suite i ngar do theorainn an bhóthair bheartaithe nó ag síneadh leis an teorainn sin – go mór mór an dá thaobh de Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59, i mBaile an Dúlaigh agus ar an gCaisleán Gearr – agus mar a dtéann an bóthar beartaithe, Droichead Abhainn na Gaillimhe mar atá beartaithe san áireamh, trasna réimsí leochaileacha tíre, ar a n-áirítear Abhainn na Gaillimhe agus Campas Spóirt OÉG.

3.1.9 Cé go dtarraingítear tionchar suntasach tírdhreacha agus radhairc mar gheall ar an bhforbairt atá beartaithe a dhéanamh ar an mbóthar, tugtar san áireamh freisin leis an togra sraith chuimsitheach de bhearta mionsonraithe d'fhonn tionchar tírdhreacha agus radhairc a sheachaint, a mhaolú agus a athfheabhsú. Tá bearta i rith chéim na tógála agus i rith chéim na húsáide san áireamh leo sin atá le cur i bhfeidhm ar fud réimse iomlán na scéime maidir leis an mbóthar beartaithe chomh maith le bearta sonracha ag díriú ar thionchar tírdhreacha agus radhairc faoi leith.

3.1.10 Tugtar san áireamh leis an athchóiriú atá beartaithe ar Bhóthar Ceangail na Páirce Móire go gcuirfí beirmeáil agus scáthphlandáil 3m ar leithead ar fáil (de réir mar a dhéantar soláthar dá leithéid i dTábla 12.8 i gCaibidil 12 san EIAR) d'fhonn aon tionchar radhairc a d'fhéadfadh tarlú maidir le Cúrsa na Rásaí a mhaolú. Ní bheidh aon tionchar suntasach tírdhreacha ná radhairc ag an athchóiriú atá beartaithe ar Bhóthar Ceangail na Páirce Móire san féin ná sa suíomh níos fairsinge agus ní thagann aon athrú dá bharr ar an measúnacht maidir le tionchar tírdhreacha ná radhairc i ndáil leis an mbóthar beartaithe a chuirtear i láthair i gCaibidil 12 san EIAR.

3.1.11 Tá iarratas eile ar chead pleanála déanta ag OÉG (Cathair na Gaillimhe uimh. thag.: 19372) maidir le páirc imeartha 3G gach cineál aimsire agus páirc féir a fhorbairt i nDaingean, an Caisleán Nua. Tá an fhorbairt atá beartaithe ar na páirceanna le suíomh ó dheas de na páirceanna sacair atá ar fáil faoi láthair agus díreach ó thuaidh den bhóthar beartaithe. Cuireadh an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe curtha san áireamh agus leagan amach na hoibre ar fhorbairt na bpáirceanna á dhearadh. Déantar soláthar leis an bhforbairt atá beartaithe ar na páirceanna imeartha chomh maith do limistéar forfheabhsú bithéagsúlachta ar an taobh ó thuaidh (taobh na habhann) de na páirceanna atá ar fáil cheana féin.

3.1.12 Tá na páirceanna atá beartaithe a fhorbairt suite taobh istigh de theorainneacha Champas Spóirt OÉG mar atá faoi láthair agus ní thagann aon tionchar breise i gceist maidir le tionchar carnach tírdhreacha ná radhairc.

3.1.13 Níl aon tionchar suntasach tírdhreacha ná radhairc ach oiread, san áit féin ná sa suíomh níos fairsinge, ag an bpáirc gach cineál aimsire a bhaint amach agus cé go ndéantar tagairt dó sa mheasúnacht, ní chuireann a bhaint amach aon athrú ar thorthaí na measúnachta maidir le tionchar tírdhreacha nó radhairc mar gheall ar a mbóthar beartaithe faoi mar a chuirtear i láthair i gCaibidil 12 san EIAR.

3.1.14 Tá beartaithe láthair goir don fhabhcún gorm a chur ar fáil ar chrann solais i bhfoirm colúin c.25m ar airde ar thailte de chuid na Comhairle Cathrach i gCnoc

an Ghearrtha, an Caisleán Gearr. Beidh geata áise agus cosán áise á chur ar fáil freisin isteach de Bhóthar Áth Cinn an N84 trasna na dtailte sin chomh fada leis an áit. Tá an láthair cóngarach don áit a bhfuil an fabhcún gorm ar fáil cheana féin i gCairéal Leacaigh.

3.1.15 Ní tharlóidh aon tionchar suntasach tírdhreacha ná radhairc san áit féin ná sa suíomh níos leathanréimsí mar gheall ar an struchtúr cúng éadrom ná an bealach áise chuige agus ní chuirtear aon athrú ar thorthaí na measúnachta maidir le tionchar tírdhreacha nó radhairc mar gheall ar a mbóthar beartaithe faoi mar a chuirtear i láthair i gCaibidil 12 san EIAR.

3.1.16 Cuireadh iarratas ar chead pleanála maidir le forbraíocht beartaithe mar seo a leanas isteach tar éis an t-iarratas a dhéanamh ar chead maidir le N6 GCRR:

- Plota 229: Tithíocht Straitéiseach a Fhorbairt (SHD) iarratas maidir le 238 ionad cónaithe i mBaile na mBúrcach (tag.: ABP-304762-19) – ceadaíodh Deireadh Fómhair 2019.
- Plota 469 (S_003): Tithíocht Straitéiseach a Fhorbairt (SHD) iarratas maidir le 332 ionad cónaithe i nGort na Bró, Rathún (tag.: ABP-305982-19) – cinneadh faoin 30 Márta 2020.
- Páirc Spóirt OÉG a Fhorbairt (Cathair na Gaillimhe uimh. thag.: 19372).

Meastar nach dtagann tionchar suntasach tírdhreacha ná radhairc de chineál carnach de thoradh ar na bearta forbraíochta sin agus an bóthar beartaithe. Déantar soláthar do scáthphlandáil mar chuid den fhorbairt ar an mbóthar beartaithe trí Phlota 229 mar a leagtar amach i bhFíor 12.1.04. Tá na tailte i bPlota 229 agus i bPlota 469 i gcriosanna forbartha cheana féin agus suíomh OÉG ina chuid de Champas Spóirt OÉG mar atá faoi láthair agus sin ar fad i gcrios maidir le húsáid caitheamh aimsire agus taitneamhachta.

# 4 Freagraí ar na hAgóidí/Aighneachtaí

## 4.1 Forléargas

4.1.1 Tarraingítear anuas gnéithe Tírdhreacha agus Radhairc i gcuid mhór de na haighneachtaí agus de na hagóidí a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála i ndáil leis an iarratas (Deireadh Fómhair 2018) chomh maith le roinnt bheag de na haighneachtaí agus agóidí a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála i ndáil leis an bhFreagra ar an Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise (Lúnasa 2019). Tugtar freagraí ar na ceisteanna maidir le cúrsaí tírdhreacha agus radhairc sa ráiteas fianaise seo.

4.1.2 Is iad na nithe a tharraingítear anuas maidir le gnéithe tírdhreacha agus radhairc:

- Mionsonraí faoi Bhearta maidir le Cóiriú Tírdhreacha (Plandáil)
- Cóiriú Tírdhreacha maidir le Locháin Tanúcháin/Draenála
- Ballaí Cloiche

- Soilse Bóithre
- Tionchar Radhairc ar Áitribh
- Tionchar ar Champas Spóirt OÉG agus ar Chaisleán Mhionlaigh

## 4.2 Sonraí faoi na Bearta maidir le Cóiriú Tírdhreacha (Plandáil)

### Ceisteanna a tharraingítear anuas in agóidí/aighneachtaí

4.2.1 Ní leor na bearta maidir le cóiriú tírdhreacha nó le plandáil nó ní leor na sonraí faoina bhfuil beartaithe ina leith.

Tarraingítear anuas an t-ábhar seo sna hagóidí/aighneachtaí seo a leanas: Ob_102; Ob_105; Ob_115; Ob-117; Ob_134; Ob_135; Ob 136; Ob_139; Ob_141; Ob_145; Ob_151; Ob_152; Ob_155; Ob_156; Ob_158; Ob_167; Ob_168; Ob_177; Ob_187; Ob_195; Ob_197; Ob_199; Ob_201; Ob_204; Ob_205; Ob_207; Ob_208; Ob_209; Ob_211; Ob_212; Ob_216; Ob_217; Ob_219; Ob_222; Ob_223&261; Ob_229; Ob_238; Ob_239; Ob_272 &462; Ob_298; Ob_468&501; Ob_484; Ob_485; Ob_493; Ob_496; Ob_498; Ob_499; Ob_545& 561; Ob_569; Ob_575; Ob_589; Ob_603; Ob_620; Ob_626; Ob_628&702; Ob_629; Ob_631; Ob_632; Ob_634; Ob_639; Ob_643; Ob_663; Ob_666; Ob_684; Ob_688; Ob_705; Ob_716; Ob_750; Ob_751; Ob_757; S-029; S_059; S_065; S_067.

### Freagra

4.2.2 Leagtar amach bearta maolúcháin maidir le cúrsaí tírdhreacha agus moltaí maidir le cóiriú tírdhreacha in Alt 12.6 i gCaibidil 12 san EIAR, agus tugtar mionsonraí i dTábla 12.7 agus Tábla 12.8. Léirítear na láithreacha maidir le bearta scáthphlandála faoi leith i bhFíoracha 12.1.01 – 12.1.15 in Imleabhar 3 den EIAR. Mar chuid den chuntas sin ar na bearta, tugtar buneolas faoin gcur chuige agus faoin lón treorach a leanadh agus na bearta maolúcháin maidir le cúrsaí tírdhreacha á dtabhairt chun cinn chomh maith le cur síos a thabhairt ar na bearta ginearálta agus na bearta faoi leith atá leagtha amach a dhéanamh i rith chéim na tógála agus chéim na húsáide.

4.2.3 **Céim na Tógála**: I gcás cuid mhór de na bearta atá leagtha amach maidir le céim na tógála, is den sárchleachtas iad ó thaobh maolú ar an tionchar a bheadh i ndán ó obair thógála agus cloí leis na gnáis oibre agus na bearta a leagtar amach sa Phlean Bainistíochta Timpeallachta maidir leis an Obair Thógála (CEMP – Aguisín A.7.5 leis an EIAR). Ar mhaithe le samplaí, leagtar amach na bearta sonracha seo in Alt 12.6.2 i gCaibidil 12 san EIAR:

- Socrófar láithreacha stórála in áiteanna faoi leith ionas go seachnaítear cur isteach breise ar áitreabh cónaithe nó áitreabh eile, ar choillearnach, ar chrainn, ar fhálta sceach, ar phátrúin draenála, etc.

- Cuirfear ballaí daingne cláir ar a laghad 2.0m ar airde leis an suíomh san áit a síneann an láthair ar a bhfuil obair thógála á déanamh le háitreabh cónaithe nó le háiseanna caitheamh aimsire
- Cuirfear ballaí cláir nó a leithéid, ar a laghad 2.0m ar airde ar fáil le taobh aon champún tógála beartaithe sa chás go bhfuil siad suite i bhfoisceacht 100m d'áitreabh cónaithe
- Déanfar campúin tógála a dhíchoimisiúnú go hiomlán agus a chur ar ais mar a bhíodh roimh an obair thógála nuair a thugtar an conradh tógála chun críche
- Déanfar fána sleasa agus réimsí eile tírdhreacha ar feadh an bhóthair bheartaithe a réiteach le cré a chur orthu agus síolta a chur agus/nó plandáil eile a dhéanamh a luaithe is féidir sin. Dá réir sin, tharlódh gur féidir tabhairt faoi shíol a chur nó plandáil a dhéanamh ar réimsí fairsinge sula dtagann deireadh leis an obair thógála

4.2.4 **Céim na hÚsáide**: Déantar na bearta maolúcháin atá leagtha amach i rith chéim na húsáide maidir leis an mbóthar beartaithe (faoi mar a shonraítear in Alt 12.6.3i gCaibidil 12 san EIAR) a rangú faoi:

- Bearta Tírdhreacha ar fud an Togra (Alt 12.6.3.1) a chuirtear i bhfeidhm ar feadh fad iomlán an bhóthair bheartaithe agus a leagtar amach go mion i dTábla 12.7 i gCaibidil 12 san EIAR
- Bearta Tírdhreacha faoi Leith (Alt 12.6.3.2) lena dtéitear i ngleic le tionchar faoi leith maidir le cúrsaí tírdhreacha agus radhairc ar feadh an bhóthair bheartaithe agus a leagtar amach go mion i dTábla 12.8 i gCaibidil 12 san EIAR agus a shonraítear, de réir mar is cuí, i bhFíoracha 12.1.01 go dtí 12.1.15 san EIAR

4.2.5 Is é is mó atá i gceist ó thaobh dearthóireachta maidir le plandáil maolúcháin go gcuirfí ábhar plandála a fhásann íseal go maith ach a bhíonn dlúth ionas go gcuirtear scáthcheilt éifeachtúil ar fáil maidir leis an mbóthar beartaithe agus an trácht a ghabhfaidh leis agus lena gcruthófar an seans is fearr go dtarlóidh comhshamhlú na forbraíochta sa réimse taobh tíre is forleithne ná sin. Trí réimse de speicis dhúchasacha síorghlasa agus dhuilsilteacha a úsáid atá oiriúnach don cheantar is fearr a thugtar sin i gcrích.

4.2.6 Cé go bhféachtar, leis na bearta maidir le cóiriú tírdhreacha, le dul i ngleic le ceisteanna maidir le deighilt tírdhreacha, tionchar radhairc, cur isteach ar radharc, iléagsúlacht plandála agus forbairt gnáthóg, tuigim chomh maith, agus na bearta seo á moladh agam, go bhfágfaidh nádúr oscailte an taobh tíre i gceantair áirithe, maidir le speicis dhúchasacha a phlandáil, go gcuirfear srian leis an bhfás agus le hairde na plandála go ginearálta. Os a choinne sin, beidh de thoradh air sin go gcoinnítear radharcanna oscailte atá ar fáil faoi láthair ó áitribh agus ón taobh tíre go ginearálta an tráth céanna a ndéantar scáthcheilte ar an mbóthar beartaithe.

Leagtar amach sna hailt seo a leanas na príomhbhearta maidir le cóiriú tírdhreacha.

4.2.7 **Fál Sceach Teorann**: Cuirfear plandáil fál sceach le fad iomlán líne teorann an bhóthair bheartaithe, ach amháin ag struchtúir – droichid, tolláin etc., nó san áit ar fálta sceach a coinníodh an teorainn nua. Beidh fálta sceach nua á gcur chomh maith thart ar locháin tanúcháin.

4.2.8 Nuair a oireann sé don áit, beidh fál sceach fiartha dúbailte maille le plandáil crainn i gceist leis an bplandáil ar fhálta sceach.

4.2.9 Ar an taobh thiar, is é a bheidh sa phlandáil ar fhálta sceach 30% draighean, 40% sceach gheal agus 10% cuileann, agus 20% measctha tríd de speicis de leithéid trom, saileach agus eile faoi mar atá ar fáil i dtimpeallacht na háite.

4.2.10 Ar an taobh thoir, is é a bheidh sa phlandáil ar fhálta sceach 30% coll, 40% sceach gheal agus 10% cuileann, agus 20% measctha tríd de speicis de leithéid draighean, trom, saileach agus eile faoi mar atá ar fáil i dtimpeallacht na háite.

4.2.11 Beidh an sceach gheal (40% den phlandáil) ar a laghad 90cm ar airde agus í á plandáil de réir lárphointí 50cm i dhá ró fiartha dúbailte suite 25cm óna chéile. Beidh plandaí eile ar a laghad 50cm ar airde.

4.2.12 Beidh crainn leathairde (6-8cm trasna – circa 2.4 - 2.8m ar airde) de chineálacha na fearnóige, na beithe agus/nó darach á meascadh tríd na fálta sceach, iad á bplandáil ar bhealach randamach tuairim is crann amháin in aghaidh an 25 méadar.

4.2.13 Ar a n-áireamh le chéile, beidh de thoradh ar an bplandáil go gcuirfear níos mó ná 68km d'fhálta sceach nua ar fáil le c.275,000 crann agus tor, níos mó ná 2,700 leathmhéide ina measc.

4.2.14 **Scáthphlandáil**: Ag brath ar dhóthain leithid a bheith ar fáil lena aghaidh, beartaítear scáthphlandáil a dhéanamh ar mhaithe leis an tionchar radhairc a mhaolú i gcriosanna plandála idir 3m agus 6m, nó níos leithne, faoi mar a leagtar amach i bhFíoracha 12.1.01 go dtí 12.1.15 in Imleabhar 3 den EIAR. In áiteanna áirithe, ina bhfuil créfort níos fairsinge, tá leithead breise suas le uasmhéid 18m i gceist leis an bplandáil.

4.2.15 Cuirfear scáthphlandáil ar bun ag ionaid 1m agus tabharfar speicis de chrainn dúchais san áireamh a fhásann go luath agus a théann in oiriúint do chúinsí éagsúla (fearnóg, beith, crann caorthainn agus péine Albanach) agus speicis toir (draighean, trom, caor chon, cuileann, sceach gheal, coll agus saileach).

4.2.16 Speicis shíorghlasa a bheidh i 35% de na crainn a chuirtear, le péine Albanach maidir le 20% agus cuileann maidir le 15% eile. Crainn a chuirtear mar chrainn leathchaighdeánacha nó mar chrainn chaighdeánacha (i.e. Caighdeán na Breataine (BS 3936-1) crainn 6-8cm timpeall agus 8-10cm timpeall agus c.2.4 - 3.0m ar airde) a bheidh in 10% ar a laghad den líon a chuirtear.

4.2.17 Déanfar, ina iomláine, dá réir sin, níos mó ná 300,000m cearnach de scáthphlandáil le c.300,000 crann agus tor, c.40,000 de chrainn ar mhéid chaighdeánach/leathchaighdeánach ina measc.

4.2.18 **Plandáil eile**: Chomh maith leis an bhfál sceach teorann agus an scáthphlandáil a luaitear thuas, tá beartaithe plandáil a dhéanamh freisin le bacainní/bundaí torainn i réimsí cúnga tírdhreacha ar feadh an bhóthair bheartaithe agus maidir le bearta maolúcháin faoi leith i ndáil le cúrsaí éiceolaíochta.

4.2.19 Go foriomlán, tarlóidh de thoradh ar na bearta tírdhreacha a leagtar amach go mion i gCaibidil 12 san EIAR go gcuirfear níos mó ná 500,000 méadar cearnach de phlandáil nua lena mbaineann tuairim is aon mhilliún crann agus tor.

4.2.20 Ar na moltaí a áireamh le chéile, is réimse cuimsitheach i gceist de bhearta atá oiriúnach go háitiúil trína ndéanfar an tionchar sonraithe ón mbóthar beartaithe a fhorbairt ar an tírdhreach nó ar radharcanna a sheachaint, a athfheabhsú agus/nó a mhaolú. Is é cuspóir fhorghinearálta atá leis na bearta, go gcuirfí, a oiread agus is féidir, suíomh tírdhreacha ar fáil maidir le slánchóiriú éifeachtúil an bhóthair bheartaithe sa taobh tíre ina mbeidh sé á chur.

4.2.21 Dírítear aird sa chuid seo a leanas ar na bearta faoi leith maidir le cóiriú tírdhreacha a ghabhann le gach aighneachta ina dtarraingítear an cheist anuas.

**Ob_102:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir le cóiriú tírdhreacha:

- Cuid den bhalla cloiche a choinneáil atá ar an taobh thiar den bhealach áise ceangail amach de Thimpeallán beartaithe Bhearna Thiar
- Criosanna measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil mar a léirítear i bhFíor 12.1.01
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe, sa chás nach ndéantar soláthar do bhearta eile

**Ob_105:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Cuid den fhál sceach a choinneáil atá le teorainn thiar an gharraí
- Cuid den bhalla cloiche a choinneáil atá ina theorainn garraí ar an taobh ó thuaidh de phlota 105a.203
- Criosanna measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil mar a léirítear i bhFíor 12.1.01
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe, sa chás nach ndéantar soláthar do bhearta eile

**Ob_111:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil leis an taobh thoir den bhóthar beartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.01

- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_115:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil leis an taobh thoir den bhóthar beartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.01
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_117:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Réimsí gairide a choinneáil de na ballaí cloiche teorann atá ar fáil faoi láthair
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil le gach aon taobh den bhóthar beartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.01
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_134:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil le taobh an áitribh den bhóthar beartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.01
- Beidh tionchar ag an bplandáil mar atá beartaithe ar radharcanna i gcéin ó dheas ón áitreabh, ach is é cur chuige dearthóireachta a bhaineann leis an bplandáil go gcuirfí scáthcheilt dhlúth íseal ar fáil maidir leis an mbóthar beartaithe
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil leis na claífoirt ar an mBóthar Ceangail idir na Foraí Maola agus Troscaigh mar a léirítear i bhFíor 12.1.01
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe tríd an gceantar seo

**Ob_135:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Na teorainneacha a choinneáil atá le garranta agus goirt ar chúl an áitribh
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil le taobh an áitribh den bhóthar beartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.01
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil leis na claífoirt ar an mBóthar Ceangail idir na Foraí Maola agus Troscaigh mar a léirítear i bhFíor 12.1.01
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe tríd an gceantar seo

**Ob_136:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Na teorainneacha a choinneáil atá le garranta agus goirt ar chúl an áitribh
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil le taobh an áitribh den bhóthar beartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.01
- Beidh tionchar ag an bplandáil atá beartaithe ar radharcanna i gcéin ó dheas ón áitreabh, ach is é cur chuige dearthóireachta a bhaineann leis an bplandáil go gcuirfí scáthcheilt dhlúth íseal ar fáil maidir leis an mbóthar beartaithe
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil leis na claífoirt ar an mBóthar Ceangail idir na Foraí Maola agus Troscaigh mar a léirítear i bhFíor 12.1.01
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe tríd an gceantar seo

**Ob_139:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil le gach aon taobh den bhóthar beartaithe agus leis an mBóthar Ceangail ó Thuaidh idir na Foraí Maola agus Troscaigh mar a léirítear i bhFíor 12.1.01
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil leis na claífoirt ar an mBóthar Ceangail idir na Foraí Maola agus Troscaigh mar a léirítear i bhFíor 12.1.01
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_141:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil le gach aon taobh den bhóthar beartaithe agus leis an mBóthar Ceangail ó Thuaidh idir na Foraí Maola agus Troscaigh mar a léirítear i bhFíor 12.1.01
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil leis na claífoirt ar an mBóthar Ceangail idir na Foraí Maola agus Troscaigh mar a léirítear i bhFíor 12.1.01
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe
- Déanfar atógáil ar aon chuid den bhalla teorann leis an áitreabh cónaithe a gcuirtear isteach air ionas go mbíonn an chuma chéanna air atá faoi láthair

**Ob_145:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil le gach aon taobh den bhóthar beartaithe agus leis an mBóthar Ceangail ó idir na Foraí Maola agus Troscaigh mar a léirítear i bhFíor 12.1.01

- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil leis na claífoirt ar an mBóthar Ceangail idir na Foraí Maola agus Troscaigh mar a léirítear i bhFíor 12.1.01
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe
- Déanfar atógáil ar aon chuid den bhalla teorann leis an áitreabh cónaithe a gcuirtear isteach air ionas go mbíonn an chuma chéanna air atá faoi láthair

**Ob_151& 152:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil le gach aon taobh den bhóthar beartaithe agus leis an mBóthar Ceangail ó Dheas idir na Foraí Maola agus Troscaigh mar a léirítear i bhFíor 12.1.02
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil le gach aon taobh den Bhóthar Ceangail mar a dtagann sé le chéile leis an mbóthar atá ar fáil faoi láthair mar a léirítear i bhFíor 12.1.02
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil thart le bruach an locháin tanúcháin atá beartaithe a chur ar aghaidh an áitribh mar a léirítear i bhFíor 12.1.02
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe
- Déanfar atógáil ar aon chuid den bhalla teorann leis an áitreabh cónaithe a gcuirtear isteach air ionas go mbíonn an chuma chéanna air atá faoi láthair

**Ob_155:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil thart ar an mbealach acomhail beartaithe amach den chuid athailínithe de Bhóthar Throscaigh ag Ch. 1+550/1+600 mar a léirítear i bhFíor 12.1.02
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe
- Déanfar atógáil ar aon chuid den bhalla teorann leis an áitreabh cónaithe a gcuirtear isteach air ionas go mbíonn an chuma chéanna air atá faoi láthair
- Tá beartaithe an crios measctha scáthphlandála beartaithe 3m ar leithead a leathnú leis an taobh ó thuaidh den bhóthar beartaithe siar ó Ch. 1+760 chomh fada le Ch. 1+580

**Ob_156:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil thart ar an mBóthar Ceangail ó Thuaidh a bheartaítear idir na Foraí Maola agus Troscaigh ag Ch. 1+550/1+600 mar a léirítear i bhFíor 12.1.01

- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil ar feadh an bhóthair bheartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.01
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_158:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil thart ar an mBóthar Ceangail ó Thuaidh a bheartaítear idir na Foraí Maola agus Troscaigh ag Ch. 1+550/1+600 mar a léirítear i bhFíor 12.1.01
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil ar feadh an bhóthair bheartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.01
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil leis na claífoirt chuig Fordhroichead Throscaigh mar a léirítear i bhFíor 12.1.01
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe
- Déanfar atógáil ar aon chuid den bhalla teorann leis an áitreabh cónaithe a gcuirtear isteach air ionas go mbíonn an chuma chéanna air atá faoi láthair

**Ob_167:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil ar feadh an bhóthair bheartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.02
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_168:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil le cuid den bhóthar beartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.02
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_177:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil ar feadh an bhóthair bheartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.02
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe
- Déanfar atógáil ar aon chuid den bhalla teorann leis an áitreabh cónaithe a gcuirtear isteach air ionas go mbíonn an chuma chéanna air atá faoi láthair

**Ob_187:** Níl aon bhearta faoi leith maidir le cóiriú tírdhreacha á mbeartú ó tharla nach mbeidh aon chur isteach ar an áitreabh mar atá. Tá scáthphlandáil

fálta sceach á chur ar fáil leis an mbóthar beartaithe atá níos mó ná 400m ón áitreabh.

**Ob_195:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil ar feadh theorainn uile an áitribh leis an mbóthar beartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.02
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil ar feadh theorainn an áitribh le timpeallán beartaithe Bhearna Thoir mar a léirítear i bhFíor 12.1.02
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe
- Déanfar atógáil ar aon chuid den bhalla teorann leis an áitreabh cónaithe a gcuirtear isteach air ionas go mbíonn an chuma chéanna air atá faoi láthair

**Ob_197:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil ar feadh an bhóthair bheartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.03
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_199:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Coinnítear na teorainneacha ó thuaidh agus thiar mar a léirítear i bhFíor 12.1.03
- Crios measctha scáthphlandála idir 3m ar leithead a chur ar fáil leis an gcuid athailínithe d'acomhal na Cloiche Scoilte mar a léirítear i bhFíor 12.1.03
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_201:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Crios measctha scáthphlandála idir 3m agus 6m ar leithead a chur ar fáil leis an mbóthar beartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.03
- Tugtar san áireamh leis an bplandáil atá beartaithe speicis dhúchasacha éagsúla agus plandaí de mhéideanna éagsúla d'fhonn meascán sochóirithe a chur ar fáil a dhéanann bun go luath. Tugtar san áireamh leis an meascán 35% de speicis shíorghlasa agus 10% de chrainn a bhíonn suas le 3.0m ar airde tráth a gcur
- Beidh tionchar ag an bplandáil mar atá beartaithe ar radharcanna i gcéin ó dheas ón áitreabh, ach is é cur chuige dearthóireachta a bhaineann leis an

bplandáil go gcuirfí scáthcheilt dhlúth íseal ar fáil maidir leis an mbóthar beartaithe

- Crios measctha scáthphlandála idir 3m ar leithead a chur ar fáil leis an gcuid athailínithe d'acomhal na Cloiche Scoilte mar a léirítear i bhFíor 12.1.03
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_204:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Coinnítear an teorainn ó dheas mar atá faoi láthair mar a léirítear i bhFíor 12.1.03.
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil leis an mbóthar beartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.03
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil leis an gcuid athailínithe d'acomhal na Cloiche Scoilte mar a léirítear i bhFíor 12.1.03
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_205:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil leis an mbóthar beartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.03
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_207:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Gearrann an phríomhlíne thar an áitreabh seo
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil leis an gclaífort leis an mbóthar rochtana beartaithe ar an taobh thoir de Bhóthar na hAille mar a léirítear i bhFíor 12.1.03
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil leis an taobh thiar de Bhóthar na hAille mar a léirítear i bhFíor 12.1.03
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe
- Déanfar atógáil ar aon chuid den bhalla teorann leis an áitreabh cónaithe a gcuirtear isteach air ionas go mbíonn an chuma chéanna air atá faoi láthair

**Ob_208:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil leis an mbóthar beartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.03

- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_209:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Gearrann an phríomhlíne thar an áitreabh seo
- Fál sceach nua le crainn a chur ar fáil le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_211:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil leis an mbóthar beartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.03
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_212:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Coinnítear na teorainneacha reatha mar a léirítear i bhFíor 12.1.03
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_216:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Déanfar atógáil ar aon chuid de theorainneacha an áitribh a gcuirtear isteach air nó cuirfear teorainn eile ina ionad ionas go mbíonn an chuma chéanna air atá faoi láthair mar a léirítear i bhFíor 12.1.04
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil taobh ó dheas de AR4/05 ó dheas go díreach ón teach mar a léirítear i bhFíor 12.1.04
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil ar feadh an bhóthair bheartaithe ó dheas den áitreabh mar a léirítear i bhFíor 12.1.04
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_217:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Déanfar atógáil ar aon chuid de theorainneacha an áitribh a gcuirtear isteach air nó cuirfear teorainn eile ina ionad ionas go mbíonn an chuma chéanna air atá faoi láthair mar a léirítear i bhFíor 12.1.04
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil taobh ó dheas de AR4/05 ar an teorainn ó thuaidh leis an áitreabh mar a léirítear i bhFíor 12.1.03
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil ar feadh an bhóthair bheartaithe ó dheas den áitreabh mar a léirítear i bhFíor 12.1.04

- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_219:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Déanfar atógáil ar aon chuid de theorainn an áitribh chónaithe a gcuirtear isteach air nó cuirfear teorainn eile ina ionad ionas go mbíonn an chuma chéanna air atá faoi láthair mar a léirítear i bhFíor 12.1.04
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil ar feadh an bhóthair bheartaithe ó dheas den áitreabh mar a léirítear i bhFíor 12.1.04
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_222:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Déanfar atógáil ar aon chuid de theorainn an áitribh chónaithe a gcuirtear isteach air nó cuirfear teorainn eile ina ionad ionas go mbíonn an chuma chéanna air atá faoi láthair mar a léirítear i bhFíor 12.1.04
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil ar feadh an bhóthair bheartaithe ó thuaidh den áitreabh mar a léirítear i bhFíor 12.1.04
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_223 &261:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil ar feadh an bhóthair bheartaithe trí áitreabh 223 mar a léirítear i bhFíor 12.1.04
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil leis an taobh ó thuaidh den bhóthar beartaithe agus crios measctha scáthphlandála 6m ar leithead a chur ar fáil leis an taobh ó thuaidh den bhóthar beartaithe trí áitreabh 261 mar a léirítear i bhFíor 12.1.04
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_229:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Déanfar atógáil ar aon chuid de theorainn an áitribh chónaithe ar Bhóthar Bhaile an Mhóinín a gcuirtear isteach air nó cuirfear teorainn eile ina ionad ionas go mbíonn an chuma chéanna air atá faoi láthair mar a léirítear i bhFíor 12.1.04
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil leis an taobh ó thuaidh den bhóthar beartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.04
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil le Bóthar Bhaile an Mhóinín mar a léirítear i bhFíor 12.1.04

- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_238:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Crios measctha scáthphlandála idir 6m agus 12m ar leithead a chur ar fáil leis an taobh ó dheas den bhóthar beartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.05
- Crios measctha scáthphlandála idir 3m agus 12m ar leithead a chur ar fáil le Bóthar Bhaile an Mhóinín mar a léirítear i bhFíor 12.1.05
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_239:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Déanfar atógáil ar aon chuid de theorainn an áitribh chónaithe ar Bhóthar Rathúin a gcuirtear isteach air nó cuirfear teorainn eile ina ionad ionas go mbíonn an chuma chéanna air atá faoi láthair mar a léirítear i bhFíor 12.1.05
- Crios measctha scáthphlandála idir 6m agus 12m ar leithead a chur ar fáil leis an taobh ó dheas den bhóthar beartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.05
- Crios measctha scáthphlandála idir 3m agus 12m ar leithead a chur ar fáil le Bóthar Bhaile an Mhóinín mar a léirítear i bhFíor 12.1.05
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_272 &462:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Gearrann príomhlíne an bhóthair bheartaithe trí phlotaí 272 & 462
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil le gach aon taobh den bhóthar beartaithe agus le lánaí isteach ar acomhal trí phlotaí 272 & 462 mar a léirítear i bhFíoracha 12.1.05 & 12.1.06
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil le Bóthar Ceangail an N59 Ó Thuaidh agus Ó Dheas agus le réimsí de Bhóthar Leitrí trí phlotaí 272 & 462 mar a léirítear i bhFíoracha 12.1.05 & 12.1.06
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_298:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Déanfar atógáil ar aon chuid de theorainn an áitribh chónaithe ar Bhóthar Rathúin a gcuirtear isteach air nó cuirfear teorainn eile ina ionad ionas go mbíonn an chuma chéanna air atá faoi láthair mar a léirítear i bhFíor 12.1.06

- Criosanna measctha scáthphlandála 6m ar leithead a chur ar fáil le gach aon taobh den bhóthar beartaithe agus le lánaí isteach ar acomhal mar a léirítear i bhFíoracha 12.1.05 & 12.1.06
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil le Bóthar Ceangail an N59 Ó Dheas agus le réimsí de Bhóthar Leitrí mar a léirítear i bhFíoracha 12.1.05 & 12.1.06
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_468 &501:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach ag plota 568 & plota 501:

- Criosanna measctha scáthphlandála 6m ar leithead a chur ar fáil le gach aon taobh den bhóthar beartaithe agus le lánaí isteach ar acomhal mar a léirítear i bhFíor 12.1.06
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil le gach aon taobh de Bhóthar Ceangail an N59 Ó Thuaidh mar a léirítear i bhFíor 12.1.06
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe
- Is leis an gcarrbhealach amháin ag Radharc an Locha a bhaineann plotaí 501b.201, 501b.202 & 501c.201 – ní thagann aon bhearta maolúcháin maidir leis an tírdhreach i gceist mar a léirítear i bhFíor 12.1.06

**Ob_485:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Déanfar atógáil ar an gcuid de theorainn an áitribh chónaithe ar Bhóthar Leitrí a gcuirtear isteach air nó cuirfear teorainn eile ina ionad ionas go mbíonn an chuma chéanna air atá faoi láthair mar a léirítear i bhFíor 12.1.06
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil le gach aon taobh de Bhóthar Ceangail an N59 Ó Dheas a bheartaítear faoi mar a léirítear i bhFíor 12.1.06
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil le Bóthar Leitrí mar a léirítear i bhFíor 12.1.06
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_493:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Teorainneacha a choinneáil mar atá de réir mar is féidir sin
- Déanfar atógáil ar an gcuid de theorainn an áitribh a gcuirtear isteach air nó cuirfear teorainn eile ina ionad mar a léirítear i bhFíor 12.1.12

**Ob_496:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Teorainneacha a choinneáil mar atá de réir mar is féidir sin
- Déanfar atógáil ar an gcuid de theorainn an áitribh a gcuirtear isteach air nó cuirfear teorainn eile ina ionad mar a léirítear i bhFíor 12.1.12
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil le sleasa bainte ar gach aon taobh de Bhóthar Ceangail an N59 Ó Dheas atá beartaithe a fhorbairt mar a léirítear i bhFíor 12.1.12
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil le barr na sleasa bainte ar an taobh thiar de Bhóthar Ceangail an N59 Ó Dheas atá beartaithe a fhorbairt mar a léirítear i bhFíor 12.1.12

**Ob_498:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Teorainneacha a choinneáil mar atá de réir mar is féidir sin
- Crios measctha scáthphlandála idir 3m agus 6m ar leithead a chur ar fáil le barr na sleasa bainte ar an taobh thiar de Bhóthar Ceangail an N59 Ó Dheas atá beartaithe a fhorbairt mar a léirítear i bhFíoracha 12.1.06 & 12.1.12
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_499:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Teorainneacha a choinneáil mar atá de réir mar is féidir sin
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil le barr na sleasa bainte le Bóthar Ceangail an N59 Ó Dheas atá beartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.06
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_506:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Teorainneacha a choinneáil mar atá de réir mar is féidir sin
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil le barr na sleasa bainte le Bóthar Ceangail an N59 Ó Dheas atá beartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.06
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_545 & 561:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Teorainneacha agus plandáil a choinneáil mar atá de réir mar is féidir sin
- Crios measctha scáthphlandála idir 3m agus 6m ar leithead a chur ar fáil leis an gclaífort thoir ag déanamh ar an droichead beartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.07
- Plandáil crann a chur ar fáil ar mhullach an chlaífoirt idir thart ar Ch 9+600 go dtí 10+100 mar a léirítear i bhFíor 12.1.07
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_569:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Teorainneacha a choinneáil mar atá de réir mar is féidir sin
- Déanfar atógáil ar an gcuid de theorainn an áitribh a gcuirtear isteach air nó cuirfear teorainn eile ina ionad mar a léirítear i bhFíor 12.1.07
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil ar shleasa an chlaífoirt ar feadh an bhóthair bheartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.07
- Plandáil crann a chur ar fáil ar mhullach an chlaífoirt idir tuairim is Ch 9+600 go dtí 10+100 mar a léirítear i bhFíor 12.1.07
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_575& 589** Is leis an gcarrbhealach amháin ag Bóthar Chúil Each a bhaineann na plotaí seo – ní thagann aon bhearta maolúcháin maidir leis an tírdhreach i gceist mar a léirítear i bhFíor 12.1.07.

**Ob_603:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Sraitheanna éagsúla de chriosanna measctha scáthphlandála idir 3m agus 6m ar leithead a chur ar fáil ar shleasa an chlaífoirt ar feadh an bhóthair bheartaithe and AR 11/02 mar a léirítear i bhFíor 12.1.08
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_620:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Sraitheanna éagsúla de chriosanna measctha scáthphlandála idir 3m agus 6m ar leithead a chur ar fáil ar shleasa an chlaífoirt ar feadh an bhóthair bheartaithe and AR 12/01 mar a léirítear i bhFíor 12.1.08
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_626:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Sraitheanna éagsúla de chriosanna measctha scáthphlandála idir 3m agus 6m ar leithead a chur ar fáil ar feadh an bhóthair bheartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.09
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_628 & 702:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Sraitheanna de chriosanna measctha scáthphlandála idir 3m agus 6m ar leithead a chur ar fáil ar shleasa claífoirt agus ar shleasa bainte ar feadh an bhóthair bheartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.09
- Struchtúr fordhroichid le fásra a chur ar fáil don fhiadhúlra
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_629:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Sraitheanna de chriosanna measctha scáthphlandála idir 3m agus 6m ar leithead a chur ar fáil ar shleasa claífoirt agus ar shleasa bainte ar feadh an bhóthair bheartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.09
- Struchtúr fordhroichid le fásra a chur ar fáil don fhiadhúlra
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_631:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil ar taobh ó dheas de AR 12/04 mar a léirítear i bhFíor 12.1.09
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil ar an taobh ó thuaidh de AR 12/04 mar a léirítear i bhFíor 12.1.09
- Sraitheanna de chriosanna measctha scáthphlandála idir 3m agus 6m ar leithead a chur ar fáil ar shleasa claífoirt agus ar shleasa bainte ar feadh an bhóthair bheartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.09
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_632:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Réimsí fairsinge den phlandáil atá ar fáil faoi láthair a choinneáil, mar a léirítear i bhFíor 12.1.09

- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil ar an taobh ó dheas de AR 12/04 mar a léirítear i bhFíor 12.1.09
- Criosanna measctha scáthphlandála 6m ar leithead a chur ar fáil le locháin tanúcháin mar a léirítear i bhFíor 12.1.09
- Sraitheanna de chriosanna measctha scáthphlandála idir 6m agus 12m ar leithead a chur ar fáil ar shleasa claífoirt agus ar shleasa bainte ar feadh an bhóthair bheartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.09
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_634:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil leis an teorainn ó thuaidh leis an áitreabh mar a léirítear i bhFíor 12.1.09
- Sraitheanna de chriosanna measctha scáthphlandála idir 6m agus 12m ar leithead a chur ar fáil ar shleasa claífoirt agus ar shleasa bainte ar feadh an bhóthair bheartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.09
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_639:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Réimsí fairsinge den phlandáil atá ar fáil faoi láthair a choinneáil, mar a léirítear i bhFíor 12.1.09
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil leis an teorainn thiar ar chúl an áitribh mar a léirítear i bhFíor 12.1.09
- Sraitheanna de chriosanna measctha scáthphlandála idir 6m agus 12m ar leithead a chur ar fáil ar shleasa claífoirt agus ar shleasa bainte ar feadh an bhóthair bheartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.09
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_643:** Tá beartaithe éadáil a dhéanamh ar an áitreabh seo. Dá ainneoin sin, áirítear ar na bearta sonracha maidir leis an tírdhreach ina leith:

- Sraitheanna de chriosanna measctha scáthphlandála idir 6m agus 12m ar leithead a chur ar fáil ar shleasa claífoirt agus ar shleasa bainte ar feadh an bhóthair bheartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.09
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_663:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Déanfar atógáil ar an gcuid de theorainn an áitribh a gcuirtear isteach air nó cuirfear teorainn eile ina ionad mar a léirítear i bhFíor 12.1.09

- Sraitheanna de chriosanna measctha scáthphlandála idir 6m agus 12m ar leithead a chur ar fáil ar shleasa claífoirt agus ar shleasa bainte ar feadh an bhóthair bheartaithe agus thart ar an lochán tanúcháin atá beartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.09
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_666:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Déanfar atógáil ar an gcuid de theorainn an áitribh a gcuirtear isteach air nó cuirfear teorainn eile ina ionad mar a léirítear i bhFíor 12.1.09
- Criosanna measctha scáthphlandála idir 6m agus 12m ar leithead a chur ar fáil ar shleasa claífoirt agus ar shleasa bainte ar feadh an bhóthair bheartaithe agus thart ar an lochán tanúcháin atá beartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.09
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil leis an taobh ó dheas de Bhealach Ceangail Pháirc Gnó Thuaisceart na Cathrach mar a léirítear i bhFíor 12.1.09
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_684:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Criosanna measctha scáthphlandála idir 6m agus 18m ar leithead a chur ar fáil ar shleasa claífoirt agus ar shleasa bainte ar feadh an bhóthair bheartaithe agus thart ar Acomhal Bhóthar Ceangail na Páirce Móire mar a léirítear i bhFíor 12.1.10
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil leis an N83 Bóthar Thuama mar a léirítear i bhFíor 12.1.09
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_688:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Criosanna measctha scáthphlandála idir 6m agus 18m ar leithead a chur ar fáil ar shleasa claífoirt agus ar shleasa bainte ar feadh an bhóthair bheartaithe agus thart ar Acomhal Bhóthar Ceangail na Páirce Móire mar a léirítear i bhFíor 12.1.10.
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil leis an N83 Bóthar Thuama mar a léirítear i bhFíor 12.1.09
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_705:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Criosanna measctha scáthphlandála suas le 12m ar leithead a chur ar fáil ar shleasa bainte ar feadh an bhóthair bheartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.09
- Criosanna measctha scáthphlandála 6m ar leithead a chur ar fáil mar a sínfidh teorainn an áitribh leis an líne teorainn beartaithe
  - Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_716: Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:**

- Criosanna measctha scáthphlandála idir 3m agus 6m ar leithead a chur ar fáil ar feadh an bhóthair bheartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.10
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_750:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Sraitheanna de chriosanna measctha scáthphlandála 6m ar leithead a chur ar fáil ar shleasa bainte ar feadh an bhóthair bheartaithe agus idir na bóithre ceangail in Acomhal Chúil Each mar a léirítear i bhFíor 12.1.11
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil le teorainn an bhóthair bheartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.11
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_751:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Sraitheanna de chriosanna measctha scáthphlandála 6m ar leithead a chur ar fáil ar shleasa bainte ar feadh an bhóthair bheartaithe agus idir na bóithre ceangail in Acomhal Chúil Each mar a léirítear i bhFíor 12.1.11
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil le teorainn an bhóthair bheartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.11
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**Ob_757:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Sraitheanna de chriosanna measctha scáthphlandála 6m ar leithead a chur ar fáil ar shleasa bainte ar feadh an bhóthair bheartaithe agus idir na bóithre ceangail in Acomhal Chúil Each mar a léirítear i bhFíor 12.1.11
- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil le teorainn an bhóthair bheartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.11

- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**S-029:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Crios measctha scáthphlandála 3m ar leithead a chur ar fáil idir Bóthar Ceangail an N59 Ó Dheas agus Bóthar Dhiarmada mar a léirítear i bhFíor 12.1.13
- Déanfar a bhfuil plandáilte cheana féin sa réimse spáis ar an mbealach isteach a chosaint agus an obair thógála á déanamh trí chlaí cosanta sealadach a chur ar fáil mar a léirítear i bhFíor 1.6.26 in Aguisín A.1.9 leis an bhFreagra ar an RFI
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**S-059 & S_065:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Crios measctha scáthphlandála idir 6m agus 12m ar leithead a chur ar fáil leis an taobh ó dheas den bhóthar beartaithe mar a léirítear i bhFíor 12.1.05
- Crios measctha scáthphlandála idir 3m agus 12m ar leithead a chur ar fáil le Bóthar Bhaile an Mhóinín mar a léirítear i bhFíor 12.1.05
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**S_067:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Criosanna measctha scáthphlandála idir 3m agus 12m ar leithead a chur ar fáil ar an gclaífort leis an taobh ó thuaidh den bhóthar beartaithe trí Achadh an Churraigh mar a léirítear i bhFíor 12.1.06
- Criosanna measctha scáthphlandála 6m ar leithead a chur ar fáil le teorainneacha áitreabh éadála trí Achadh an Churraigh mar a léirítear i bhFíor 12.1.06
- Plandáil crann a chur ar fáil le teorainn an CPO trí Achadh an Churraigh mar a léirítear i bhFíor 12.1.06
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

**S_077:** Áirítear ar na bearta faoi leith maidir leis an tírdhreach:

- Criosanna measctha scáthphlandála idir 3m agus 12m ar leithead a chur ar fáil ar an gclaífort leis an taobh ó thuaidh den bhóthar beartaithe trí Achadh an Churraigh mar a léirítear i bhFíor 12.1.06
- Criosanna measctha scáthphlandála 6m ar leithead a chur ar fáil le teorainneacha áitreabh éadála trí Achadh an Churraigh mar a léirítear i bhFíor 12.1.06

- Plandáil crann a chur ar fáil le teorainn an CPO trí Achadh an Churraigh mar a léirítear i bhFíor 12.1.06
- Cuirfear fál sceach teorann nua le crainn le líne teorann an bhóthair bheartaithe

## 4.3 Cóiriú Tírdhreacha maidir le Locháin Tanúcháin/Draenála

### Ceisteanna a tharraingítear anuas in agóidí/aighneachtaí

4.3.1 Tarraingítear anuas ceisteanna maidir le Locháin Tanúcháin/Draenála “mímhaiseacha” agus mionsonraí maidir le cóiriú atá beartaithe a dhéanamh ar an tírdhreach ina leith.

4.3.2 Tarraingítear an t-ábhar seo anuas sna hagóidí/aighneachtaí seo a leanas: Ob_134; Ob_151; Ob_152; S-029; S_56; S_077.

### Freagra

4.3.3 Ní bheidh droch-chuma sa taobh tíre ar locháin tanúcháin/draenála mar atá beartaithe. Cé go mbeidh claíocha daingne palaidín á gcur suas thar ar na locháin ar mhaithe le cúrsaí sábháilteachta, tá i ndán go gcuirfeadh na locháin leis an tírdhreach, leis an ábhar radhairc agus leis an iléagsúlacht éiceolaíochta san áit.

4.3.4 Beidh fálta sceach nua á gcur thart ar na claíocha daingne agus réimsí scáthphlandála á gcur mar a mbeadh áitreabh cónaithe ag breathnú anuas ar lochán. Beidh cóiriú á dhéanamh ar na réimsí thart ar na locháin ionas go mbíonn tírdhreach iléagsúil de thalamh féaraigh le speicis éagsúla ar fáil, atá éadrom ó thaobh obair cothabhála air, chomh maith le héagsúlacht plandála maidir le scrobarnach, toir agus coillearnach íseal mar a leagtar amach i dTábla 12.7 i gCaibidil 12 san EIAR.

4.3.5 Is é cuspóir ghinearálta atá leis an gcóiriú tírdhreacha thart ar locháin go gcuirfí réimse tírdhreacha ar fáil atá inmharthana, éadrom ó thaobh ualach cothabhála agus iléagsúil ó thaobh na héiceolaíochta le féarach agus meascán plandála agus le fálta sceach nua leis na claíocha teorann daingne.

## 4.4 Ballaí Cloiche

### Ceisteanna a tharraingítear anuas in agóidí/aighneachtaí

4.4.1 Tarraingítear anuas ceisteanna maidir le mionsonraí faoin gcóiriú a bheartaítear a thabhairt ar theorainneacha agus déantar iarratas ballaí cloiche teorann a chur ar ais / ballaí cloiche nua a chur ar fáil. Pléitear leis na ceisteanna sin sa ráiteas fianaise arna ullmhú ag Eileen McCarthy Uasal, Arup.

4.4.2 Tarraingítear anuas ceist i roinnt agóidí/aighneachtaí freisin maidir leis an tionchar a bheidh ag ballaí cloiche a thabhairt chun bealaigh ar thréithe an taobh tíre agus ar phleanáil tírdhreacha.

4.4.3 Tarraingítear an t-ábhar seo anuas sna hagóidí/aighneachtaí seo a leanas: Ob_116; Ob_134; Ob_197; Ob_216; Ob_311.

## Freagra

4.4.4 Leagtar amach an cur chuige maidir le cóir ar chlaíocha teorann in Alt 5.5.4.3 i gCaibidil 5 san EIAR agus maidir le ballaí cloiche i dTábla 12.8 i gCaibidil 12 san EIAR. Tugtar soiléiriú breise ar an gcur chuige in Alt 2.6.2 den Fhreagra ar an RFI agus sna Fíoracha 1.6.01 go dtí 1.6.30 a ghabhann leis sin (Aguisín A.1.9, Lúnasa 2019), agus arís sa ráiteas fianaise mionsonraithe arna chur i láthair ag Eileen McCarthy Uasal.

4.4.5 I gCaibidil 11 maidir le Cuspóirí le Criosú i ndáil le hÚsáid Talún agus Caighdeáin Forbraíochta, déantar tagairt i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe do bhallaí cloiche a choinneáil "*nuair is féidir sin*" (alt 11.2.8, ll. 176-180); agus "*nuair is indéanta sin*" (alt 11.3.1 (a), l. 185).

4.4.6 Ar an gcuma chéanna, déantar tagairt den chineál céanna do ghnéithe de leithéid bhallaí cloiche a choinneáil agus a thabhairt san áireamh mar chuid den fhorbraíocht i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe "*nuair is féidir*" nó "*nuair is indéanta*" (e.g. Cuspóir NHB 11, l. 162 agus Caighdeán DM 41, l. 239).

4.4.7 Admhaítear na tagairtí sin in Alt 12.3.1.6 i gCaibidil 12 san EIAR agus glactar leis freisin sa chomhthéacs sin gur gné de thaobh tíre an cheantair claíocha cloiche (déantar tagairt d'alt 12.3.1.2, agus Tábla 12.2 i gCaibidil 12 san EIAR), mar a ghlactar leis an bhfíric gur minic claíocha cloiche sa taobh tíre ag titim ó chéile agus clúdaithe le scrobarnach. Dá réir sin, níl – agus ní raibh riamh – na claíocha teorann ballaí cloiche ar feadh an bhóthair bheartaithe inchurtha, ó thaobh cuma ná caighdeán, le tírdhreach na mballaí cloiche ar an Achréidh. Sa chuid is mó de ná háiteanna, tá na bunghnéithe seo de theorainneacha garranta ag dul ó amharc i gcúlra an taobh tíre agus cibé suntas a tharlódh a bheith leo tráth den saol ag dul i léig i gcónaí. Dá ainneoin sin, tá na gnéithe seo á gcaomhnú leis an mbóthar beartaithe, nuair is féidir sin a dhéanamh (déantar tagairt d'Fhíoracha 12.1.01go dtí 12.1.15 san EIAR).

4.4.8 Is gné shuntasach thart ar árais cónaithe agus ar áitribh eile leis an mbóthar beartaithe na ballaí cloiche de chineálacha agus d'aoiseanna éagsúla. Dá réir sin, beartaítear, i ngach cás inar féidir é, ballaí cloiche a choinneáil agus/nó ballaí cloiche eile a chur ina n-ionad, leis na bóithre áitiúla agus san áit a mbíonn tionchar ar ghnéithe dá sórt thart ar áitreabh cónaithe.

4.4.9 Sa chás go dtugtar balla cloiche chun bealaigh mar chuid den fhorbairt ar an mbóthar beartaithe agus nach gcuirtear an balla sin ar ais, coinneofar an chloch agus cuirfear ar fáil í lena hathúsáid ag úinéirí na n-áitreabh in aice láimhe maidir le balla nua cloiche a thógáil ar a dtaobh féin den teorann leis an mbóthar beartaithe, más mian leo sin a dhéanamh.

4.4.10 Ní bheadh sé praiticiúil ná, ní is tábhachtach, oiriúnach, ballaí nua cloiche a chur suas le claí teorann phríomhlíne an bhóthair bheartaithe. I bhfianaise chineál ilghnéitheach agus neamhshuntasach na mballaí cloiche dúchasacha sa taobh tíre, bheadh ballaí cloiche nuathógtha ar feadh an bhóthair bheartaithe róthrom, mínádúrtha agus in aimhréidh ó thaobh radhairc leis an taobh tíre seo.

## 4.5 Soilse Bóithre agus Tionchar Soilse

### Ceisteanna a tharraingítear anuas in agóidí/aighneachtaí

4.5.1 Tarraingítear anuas ceisteanna maidir le hoiread na soilse agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag soilse bóithre.

4.5.2 Tarraingítear anuas an t-ábhar seo sna hagóidí/aighneachtaí seo a leanas: Ob_111; Ob_151; Ob_195; 207; Ob_213; Ob_216; Ob_296;Ob_298; Ob_457; Ob_O-511.07; Ob_512; Ob_517; Ob_677; Ob_678; Ob_688; S-029; S-031; S-042; S-051; S-059; S-065; S-071.

### Freagra

4.5.3 Tá soilse bóithre beartaithe i ndáil le réimsí / ionaid áirithe ar feadh an bhóthair bheartaithe mar a leagtar amach i bhFíoracha 5.4.01 go dtí 5.4.15 in Imleabhar 3 den EIAR.

4.5.4 Siar ó Acomhal Leitrí an N59, ní bheartaítear soilse a chur ar fáil ach amháin ag na bealaí chuig/acomhail ag:

- Príomhlíne an N6GCRR / R336 Timpeallán Bhearna Thiar (Ch. 0+031)
- Príomhlíne an N6GCRR / L1321 Timpeallán Bhearna Thoir (Ch. 2+800)
- Príomhlíne an N6GCRR / Acomhal Bhóthar na Ceapaí (Ch. 4+455)
- Príomhlíne an N6GCRR / Acomhal Bhóthar Bhaile an Mhóinín (Ch. 5+640), mar a bhfuil soilse bóithre ar fáil gar do láthair cheana féin ar Bhóthar Bhaile an Mhóinín

4.5.5 Soir ó Acomhal Leitrí an N59, ní bheartaítear soilse a chur ar fáil ach amháin ag:

- An bealach chuig tairseach thiar Thollán Leacaigh (Ch. 10+920 to 11+140)
- An chuid den phríomhlíne ó thairseach thoir Thollán Leacaigh (Ch. 11+420), trí Acomhal Bhóthar Áth Cinn an N84 (Ch. 12+110) go dtí Acomhal Bhóthar Thuama an N83 (Ch. 14+000). Tá soilse bóithre ar fáil cheana féin le Bóthar Thuama an N83 agus gar do láthair ar Bhóthar Áth Cinn an N84 agus ag an gCaisleán Gearr
- Le Bóthar beartaithe Pháirc Gnó Thuaisceart na Cathrach agus Bóthar Ceangail na Páirce Móire
- An bealach chuig an dá thairseach le Tollán Chúrsa na Rásaí agus le réimse d'Ascaill Chúrsa na Rásaí, mar a bhfuil soilse bóithre ar fáil cheana féin i

dtimpeallacht níos fairsinge Bhóthar na Páirce Móire agus Pháirc Gnó na Páirce Móire Thiar

- Ag Acomhal Chorrán Bhaile an Bhriotaigh, mar a bhfuil soilse bóithre ar fáil cheana féin
- Le Bóthar Ceangail Chnoc Maoil Dris agus le hAcomhal beartaithe Chúil Each, mar a bhfuil soilse bóithre ar fáil cheana féin ar fud mórchuid an cheantair
- Ag Acomhal Pháirc Gnó na Cathrach Thoir, mar a bhfuil soilse bóithre ar fáil cheana féin

4.5.6 Cuirtear soilse bóithre ar fáil ar feadh fhad iomlán Bhóthar Ceangail an N59 Ó Thuaidh agus Bhóthar Ceangail an N59 Ó Dheas. Tá soilse bóithre ar fáil cheana féin le conair Bhóthar Ceangail an N59 Ó Dheas agus ag nasc Bhóthar Ceangail an N59 Ó Thuaidh le Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 i bPáirc na Sceach.

4.5.7 Mar a leagtar amach go mion in Alt 5.5.4.4 i gCaibidil 5 san EIAR, tá dearadh tugtha ar na soilse bóithre beartaithe sa chaoi is go gcuirtear srian le róleathadh solais agus áirítear ar na bearta atá leagtha amach:

- Feisteas nua-aimseartha LED a úsáid le scaipeadh ganna solais sainchóirithe agus dea-rialaithe
- Feisteas cothrománach a úsáid maidir le scáth solais ionas nach dtarlaíonn astaíocht solais in airde sa spéir agus go gcúngaítear treo an tsolais i leith an bhóthair bheartaithe

4.5.8 Cé nach é an oiread sin soilse bóithre atá i gceist, luaitear in Alt 12.5.5 i gCaibidil 12 san EIAR go dtarlóidh, sa chás nach gné den tírdhreach soilse bóithre faoi láthair, aird á tharraingt le soilse nua ar mhéid an athraithe atá i gceist leis an mbóthar beartaithe.

4.5.9 Chomh maith leis na bearta dearthóireachta i ndáil le soilse thuas, cinnteofar le bearta plandála freisin go mbíonn scáthcheilt ar fáil le taobh an bhóthair ionas go mbíonn scáth ó shoilse le taobh an bhóthair agus ó shoilse fheithiclí ar an mbóthar beartaithe.

4.5.10 Pléitear sa mhéid seo a leanas leis na bearta faoi leith a bhaineann le gach aighneacht inar tarraingíodh anuas an t-ábhar seo.

- **Ob_111:** Tá an t-áitreabh suite níos mó ná 200m ó thuaidh den áit a bhfuil soláthar á dhéanamh do shoilse bóithre ag Timpeallán Bhearna Thiar. I bhfianaise na nithe a leagtar amach maidir leis an dearadh soilse a bheartaítear, ní tharlóidh tionchar chun dochair ar an áitreabh ó na soilse ag an timpeallán.
- **Ob_151:** Níl soilse bóithre á gcur ar fáil in aice leis an áitreabh seo. Mar a leagtar amach faoi alt 4.2 sa ráiteas fianaise (agus i bhFíor 12.1.01 san EIAR), tá cuid mhór plandála beartaithe le Bóthar Ceangail na bhForaí

Maola Ó Dheas ionas go gcinntítear nach mbíonn soilse ón trácht bóthair ina chur isteach ar an áitreabh.

- **Ob_195:** Tá an t-áitreabh suite cóngarach do Thimpeallán Bhearna Thoir. Chomh maith leis na bearta a leagtar amach maidir leis an dearadh soilse a bheartaítear, tá cuid mhór plandála (leithead suas le 6m – féach Fíor 12.1.03 san EIAR) á chur ar fáil le teorainn an áitribh ag an acomhal beartaithe. Admhaítear, ina ainneoin sin, gur díol suntais an tionchar a bheidh ag an mbóthar beartaithe, na soilse beartaithe san áireamh, ar shuíomh an áitribh seo.

- **Ob_207:** Tá an t-áitreabh suite níos mó ná 450m soir ó Thimpeallán Bhearna Thoir, an áit is gaire a bhfuil soilse bóithre beartaithe ina leith. I bhfianaise na nithe a leagtar amach maidir leis an dearadh soilse a bheartaítear agus an oiread plandála atá beartaithe a chur thart ar an timpeallán (leithead suas le 6m – féach Fíor 12.1.03 san EIAR), ní tharlóidh cur isteach ó shoilse bóithre ar an áitreabh.

- **Ob_213:** Tá an t-áitreabh suite cóngarach d'Acomhal Bhóthar na Ceapaí, mar a bhfuil beartaithe soilse bóithre a chur. Os a choinne sin, tugtar chun aire go bhfuil leithead suas le 6m de scáthphlandáil beartaithe ar feadh an bhóthair bheartaithe agus le Bóthar na Ceapaí ag an áitreabh seo (déantar tagairt d'Fhíor 12.1.04 san EIAR). Tugtar chun aire chomh maith gur gné den tírdhreach níos fairsinge sa cheantar seo soilse bóithre atá ar fáil cheana féin le soilse bóithre c.200m ó dheas ag Bóthar Dáileacháin an Iarthair agus ag Binn Bhán, eastáit tithíochta soir ó dheas uaidh. Admhaítear, ina ainneoin sin, gur díol suntais go gearrthéarmach an tionchar a bheidh ag an mbóthar beartaithe, na soilse beartaithe san áireamh, ar shuíomh an áitribh seo.

- **Ob_216:** Tá an t-áitreabh suite c.100m ó thuaidh de na soilse bóithre beartaithe is gaire dó ag Acomhal Bhóthar na Ceapaí. I bhfianaise na nithe a leagtar amach maidir leis an dearadh soilse a bheartaítear, ní chuirfidh soilse bóithre ag an acomhal isteach ar an áitreabh.

- **Ob_296:** Tá an t-áitreabh suite c.200m ó thuaidh de na soilse bóithre beartaithe is gaire dó ag Acomhal Leitrí an N59. I bhfianaise oiread suntasach na plandála a bheartaítear a chur ar fáil thart ar an acomhal (déantar tagairt d'Fhíor 12.1.06 san EIAR) agus na nithe a leagtar amach maidir leis an dearadh soilse a bheartaítear, ní chuirfidh soilse bóithre ag an acomhal isteach ar an áitreabh.

- **Ob_298:** Tá an t-áitreabh suite c.150 siar ó na soilse bóithre beartaithe is gaire dó ag Bóthar Ceangail an N59 Ó Dheas /N59 Acomhal Leitrí. I bhfianaise oiread suntasach na plandála a bheartaítear a chur ar fáil thart ar an acomhal (déantar tagairt d'Fhíor 12.1.06 san EIAR) agus na nithe a leagtar amach maidir leis an dearadh soilse a bheartaítear, ní chuirfidh soilse bóithre ag an acomhal isteach ar an áitreabh.

- **Ob_457:** Tá an t-áitreabh suite cóngarach d'Acomhal Leitrí an N59 a bhfuil soilse bóithre á mbeartú ina leith. Chomh maith leis na bearta a leagtar amach maidir leis an dearadh soilse a bheartaítear, tá cuid mhór plandála (déantar tagairt d'Fhíor 12.1.06 san EIAR) á chur ar fáil freisin ar fud an acomhail bheartaithe agus ag teorainn an áitribh. Admhaítear, ina ainneoin sin, gur díol suntais an tionchar a bheidh ag an mbóthar beartaithe, na soilse beartaithe san áireamh, ar shuíomh an áitribh seo.
- **Ob_511.07 & 512:** Tá na háitribh seo suite in The Heath c.400m ó na soilse bóithre beartaithe ag Acomhal Leitrí an N59. Tá soilse sráide ar fáil faoi láthair taobh istigh de The Heath. I bhfianaise na nithe a leagtar amach maidir leis an dearadh soilse a bheartaítear, an phlandáil leitheadach atá beartaithe a dhéanamh ag an acomhal agus an fad ó láthair, ní tharlóidh cur isteach ó shoilse bóithre ar an áitreabh.
- **Ob_517:** Tá an t-áitreabh suite ag Ard na Locha ar Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59, limistéar atá taobh istigh de theorainn soilse bóithre Chathair na Gaillimhe faoi láthair agus níl beartaithe aon soilse breise bóithre a chur ar fáil sa cheantar seo. Cuirtear bacainní torainn ar fáil ar feadh an bhóthair bheartaithe tríd an gceantar seo agus ní tharlóidh dalladh ná cur isteach mar gheall ar shoilse fheithiclí tráchta.
- **Ob_677 & 678:** Tá an t-áitreabh suite gar do theorainn soilse bóithre Chathair na Gaillimhe faoi láthair agus tá beartaithe na soilse bóithre a leathnú c.300m eile le Bóthar Thuama an N83. Is oiriúnach sin a dhéanamh i bhfianaise nádúr Bhóthar Thuama an N83 tríd an gceantar imeallach uirbeach seo. I bhfianaise na nithe a leagtar amach maidir leis an dearadh soilse a bheartaítear, ní chuirfidh soilse bóithre isteach ar an áitreabh.
- **Ob_688:** Tá an t-áitreabh suite gar do theorainn soilse bóithre Chathair na Gaillimhe faoi láthair agus tá beartaithe na soilse bóithre a leathnú c.300m eile le Bóthar Thuama an N83. Níl beartaithe soilse a chur ar fáil ag Acomhal Pháirc Gnó na Páirce Móire in aice láimhe. I bhfianaise an suíomh atá i gceist agus na nithe a leagtar amach maidir leis an dearadh soilse a bheartaítear, ní chuirfidh soilse bóithre isteach ar an áitreabh.
- **S_029, S_031, S_051 & S_065:** Tá Rosán Glas suite taobh istigh de theorainn soilse bóithre Chathair na Gaillimhe faoi láthair agus tá na bóithre san eastát feistithe le meirgí soilse bóithre. Cé go bhfuil beartaithe soilse a chur ar fáil le Bóthar Ceangail an N59 Ó Dheas mar gheall ar an suíomh i mbruachbhaile agus na bearta a leagtar amach maidir leis an dearadh soilse atá beartaithe, ní chuirfidh soilse bóithre isteach ar na háitribh.
- **S_042:** Tá an t-áitreabh suite c.250m ó thuaidh de na soilse beartaithe ag Acomhal Bhóthar na Ceapaí. I bhfianaise na nithe a leagtar amach maidir leis an dearadh soilse a bheartaítear, ní chuirfidh soilse bóithre ag an acomhal isteach ar an áitreabh.

- **S_059:** Tá Ard na Gaoithe suite níos mó ná 200m ó shoilse an Bhóthair Bheartaithe ag Acomhal Bhóthar Bhaile an Mhóinín. Tá Ard na Gaoithe freisin taobh istigh de theorainn soilse bóithre Chathair na Gaillimhe faoi láthair agus tá na bóithre san eastát feistithe le meirgí soilse bóithre. Cé go bhfuil beartaithe soilse a chur ar fáil le Bóthar Ceangail an N59 Ó Dheas mar gheall ar an suíomh i mbruachbhaile agus na bearta a leagtar amach maidir leis an dearadh soilse atá beartaithe, ní chuirfidh soilse bóithre isteach ar na háitribh.
- **S_071:** Cuirtear bacainní torainn ar fáil le gach aon taobh den bhóthar beartaithe ón droichead siar go dtí an áit a dtagann an bóthar ag gearradh domhain ag teannadh le Acomhal Leitrí an N59. Ní chuirfidh soilse ó fheithiclí tráchta isteach ar áitribh i mBarr na Crannaí.

## 4.6 Tionchar Radhairc ar Áitribh

### Ceisteanna a tharraingítear anuas in agóidí/aighneachtaí

4.6.1 Tarraingítear anuas i roinn agóidí/aighneachtaí ábhar buartha maidir leis an tionchar radhairc a bheidh ar áitribh mar gheall ar an mbóthar beartaithe

4.6.2 Tarraingítear anuas an t-ábhar sin sna hagóidí/aighneachtaí seo a leanas: Ob_135; Ob_136; Ob_ 158; Ob_159; Ob_312; Ob_457; Ob_493; Ob_O-511; Ob_517; Ob_569; Ob_607; Ob_677; Ob_678; Ob_S-008; Ob_S-011; Ob_S-029; Ob_S-037; Ob_S-053; Ob_S-059; Ob_S-065;

### Freagra

4.6.3 Tugtar measúnacht mhion maidir le tionchar radhairc ar áitribh i gCaibidil 12 san EIAR. Tugtar san áireamh Sceideal Tionchar Radhairc (VIS), in Aguisín 12.1 le hImleabhar 4 den EIAR, ina ndéantar measúnacht ar an tionchar radhairc a d'fhéadfadh tarlú ag gach áitreabh nó maidir le grúpa faoi leith de na háitribh ar fud bhealach uile an bhóthair bheartaithe.

4.6.4 Tugtar measúnacht sa VIS maidir leis an tionchar radhairc a d'fhéadfadh a theach i gceist:

- i rith chéim na tógála
- ag an tráth réamhbhunaithe, i.e. tráth na hoscailte, sula mbíonn an phlandáil tagtha chun aibíochta
- ag an tráth iarbhunaithe, i.e. tráth a mbíonn an phlandáil tagtha chun aibíochta chomh mór agus go gcuirtear an maolú a bhí á thuar ar fáil. Dá réir sin, cuirtear le héifeachtúlacht an mhaolúcháin le fás agus dlús breise an ábhair plandála. Cé go mbíonn seo ag teacht chun cinn ó thús, is iondúil go dteastaíonn tréimhse forbartha idir 5 agus 7 mbliana

4.6.5 Chomh maith leis an ábhar measúnachta a chuirtear i láthair sa VIS, tugtar cur síos níos cuimsithí i gCaibidil 12 san EIAR ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith

ag an mbóthar beartaithe ar an tírdhreach agus ar radharcanna, ceantar i ndiaidh a chéile ag oibriú aniar ar feadh achar iomlán an bhóthair bheartaithe le tagairt do chineálacha éagsúla na limistéar tírdhreacha (LCA) mar seo a leanas:

- **Siar agus ó Thuaidh as Bearna (Limistéar Tírdhreacha de Chineál 9)**

  Céim na Tógála: Alt 12.5.3.1 Ch. 0+000 go dtí Ch. 6+300

  Céim na hÚsáide: Alt 12.5.4.1 Ch. 0+000 go dtí Ch. 6+300

- **Siar ó Thuaidh as Cathair na Gaillimhe: lena n-áirítear Mionchluain, Rathún, Leitreach (Limistéar Tírdhreacha de Chineál 12)**

  Céim na Tógála: Alt 12.5.3.2 Ch. 6+300 go dtí Ch. 8+000

  Céim na hÚsáide: Alt 12.5.4.2 Ch. 6+300 go dtí Ch. 8+000

- **Ó Thuaidh as Cathair na Gaillimhe: lena n-áirítear The Heath, Ard na Locha / Achadh an Churraigh / Daingean / Gleann Abhainn na Gaillimhe (Limistéar Tírdhreacha de Chineál 11)**

  Céim na Tógála: Alt 12.5.3.3 Ch. 8+000 go dtí Ch. 11+800

  Céim na hÚsáide: Alt 12.5.4.3 Ch. 8+000 go dtí Ch. 11+800

- **Soir ó Thuaidh as Cathair na Gaillimhe: lena n-áirítear Leacach, Baile an Dúlaigh, an Caisleán Gearr (Limistéar Tírdhreacha de Chineál 5)**

  Céim na Tógála: Alt 12.5.3.4 Ch. 11+800 go dtí Ch. 14+200

  Céim na hÚsáide: Alt 12.5.4.4 Ch. 11+800 go dtí Ch. 14+200

- **Soir as Cathair na Gaillimhe: lena n-áirítear An Pháirc Mhór, Baile an Bhriotaigh, Deoch Uisce, Cúil Each-Cnoc Maoil Dris (Limistéar Tírdhreacha de Chineál 3)**

  Céim na Tógála: Alt 12.5.3.5 Ch. 14+200 go dtí Ch. 17+540

  Céim na hÚsáide: Alt 12.5.4.5 Ch. 14+200 go dtí Ch. 17+540

4.6.6 Sa chás go dtugtar tionchar suntasach radhairc chun aire, leagtar amach bearta maolúcháin ina leith in Alt 12.6 i gCaibidil 12 san EIAR agus de réir mar a shonraítear faoi Alt 4.2 sa ráiteas fianaise seo. Cé go nglactar leis go dtarlóidh tionchar suntasach radhairc mar gheall ar an mbóthar beartaithe a fhorbairt, agus nach féidir gach tionchar radhairc a mhaolú go hiomlán, meastar go bhfuil bearta oiriúnacha cuimsitheacha á leagan amach chun tionchar radhairc a sheachaint, a mhaolú nó a athfheabhsú i ngach cás inar féidir sin.

4.6.7 Pléitear sa mhéid seo a leanas leis na bearta faoi leith a bhaineann le gach aighneacht inar tarraingíodh anuas an t-ábhar seo.

- **Ob_135:** Admhaítear sa mheasúnacht tírdhreacha agus radhairc go dtabharfar athrú mór i gceist ar an taobh tíre ó thuaidh de Bhearna leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe. Os a choinne sin, tá an tionchar sin a

chúiteamh le bearta oiriúnacha cuimsitheacha maolúcháin maidir le cúrsaí tírdhreacha agus radhairc mar a leagtar amach in Alt 12.6 i gCaibidil 12 san EIAR agus mar a shonraítear go mion in athuair sa ráiteas fianaise seo.

- **Ob_136:** Is trí ghearradh den chuid is mó a théann príomhlíne an bhóthair bheartaithe tríd an gceantar seo. Tá sé ar chlaífort san áit a dtéann sé trasna ísleáin go háitiúil. Sonraítear gur dlúthfhás íseal a bheidh i gceist leis an bplandáil maolúcháin atá beartaithe, agus sin á leagan amach mar scáthcheilt ar na claífoirt agus ar an radharc a bheadh ar an trácht ar an mbóthar nua. Admhaítear, ina ainneoin sin, go gcuirfidh an bóthar beartaithe a fhorbairt athrú ar na radharcanna ó áitribh le conair an bhóthair sin.
- **Ob_158:** Cé go bhfuil an fordhroichead as na Foraí Maola go Troscaigh crochta os cionn an bhóthair bheartaithe, tugtar san áireamh leis na bearta maolúcháin scáthphlandáil 6m ar leithead ar chlaífoirt le taobh an bhóthair chomh fada leis an bhfordhroichead agus scáthphlandáil breise agus fálta sceach nua le crainn le príomhlíne an bhóthair bheartaithe.
- **Ob_159:** Tá an réimse athailínithe de Bhóthar Throscaigh á nascadh le Bóthar Throscaigh mar atá ar fáil faoi láthair ar aghaidh an áitribh. Dá réir sin, níl aon athrú le tabhairt faoi deara maidir le leibhéil an bhóthair ná radharc anuas ar an áitreabh ón mbóthar atá ar fáil cheana féin.
- **Ob_312:** Tá príomhlíne an bhóthair bheartaithe ar ghrádán agus ar chlaífort soir ón áitreabh agus ó dheas de. Cuirtear scáthphlandáil 3m ar leithead ar fáil le réimsí den phríomhlíne leis an ngrádán agus scáthphlandáil 6m ar leithead ar na claífoirt. Anuas air an méid sin, cuirtear scáthphlandáil 3m ar leithead ar fáil le taobh an áitribh de bhóthar athailínithe Bhóthar an Chlaí Bháin, atá idir an t-áitreabh agus an bóthar beartaithe, mar a leagtar amach i bhFíor 12.1.05 san EIAR.
- **Ob_457** Tá éadáil á dhéanamh ar an áitreabh cónaithe seo i bhfianaise a chóngaraí atá sé don bhóthar beartaithe.
- **Ob_493** Cuirfear an balla teorann siar agus, sa chás gur féidir sin, coinneofar an fásra atá ar fáil faoi láthair. Tarlóidh, ina dhiaidh sin féin, cuid den phlandáil atá le teorainn an gharaí a thabhairt chun bealaigh agus cuirfear plandáil nua ina ionad sin le speiceas den chineál céanna leis an suíomh athshuite atá beartaithe do chlaí teorann an áitribh.
- **Ob_511:** Tá an bóthar beartaithe, Acomhal Leitrí an N59 san áireamh, suite i réimse domhain gearrtha trí cheantar Bharr na Crannaí / Leitrí / Rathúin / an Bhealaigh, atá i gceantar crochta ó thuaidh de Chathair na Gaillimhe. Tarlaíonn de thoradh ar an ngearradh sin scáthcheilt nádúrtha á chur ar fáil maidir le hinfreastruchtúr an bhóthair bheartaithe tríd an gceantar seo. Treisítear leis an scáthcheilt nádúrtha sin le réimse

leitheadach na scáthphlandála atá beartaithe leis an gcuid seo den bhóthar beartaithe mar a leagtar amach i bhFíor 12.1.06 san EIAR.

- **Ob_517& S_037:** Admhaítear sa mheasúnacht a chuirtear i láthair i gCaibidil 12 san EIAR go mbeidh tionchar suntasach ag an mbóthar beartaithe ar na háitribh cónaithe atá ar fáil i nDaingean Uachtarach agus i nDaingean Íochtarach (trasna an N59) ó thuaidh de Chathair na Gaillimhe. Ainneoin na measúnachta sin, tá na háitribh maidir le Ob_517 & S_037 suite c.150m ón mbóthar beartaithe agus tá réimse suntasach de phlandáil maolúcháin ar na claífoirt ar feadh an bhóthair bheartaithe mar a leagtar amach i bhFíor 12.1.06 san EIAR.
- **Ob_569:** Admhaítear sa mheasúnacht a chuirtear i láthair i gCaibidil 12 san EIAR go mbeidh tionchar suntasach ag an mbóthar beartaithe ar áitribh cónaithe atá suite ag an mBóthar Nua, Mionlach, ó thuaidh de Chathair na Gaillimhe. I bhfianaise na measúnachta sin, déantar soláthar leis na bearta maolúcháin do réimse suntasach de phlandáil maolúcháin agus de phlandáil eile ar na claífoirt tríd an gceantar seo mar a leagtar amach i bhFíor 12.1.07 san EIAR.
- **Ob_607:** Tá an plota suite ó thuaidh den bhóthar beartaithe agus cé go n-admhaítear sa mheasúnacht a chuirtear i láthair i gCaibidil 12 san EIAR go mbeidh tionchar suntasach ag an mbóthar beartaithe a fhorbairt ar shuíomh ginearálta an tírdhreacha sa cheantar seo, ní chuirfidh sin isteach ar aon radharc atá ó na háitribh ar Loch Bhaile an Dúlaigh. Tá bearta maolúcháin i gceist leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe chomh maith lena n-áirítear réimse suntasach de phlandáil maolúcháin ar na claífoirt agus leis an mbóthar beartaithe, mar a leagtar amach in Alt 12.6 i gCaibidil 12 agus i bhFíor 12.1.07 san EIAR.
- **Ob_677 & 678:** Ainneoin an t-áitreabh a bheith suite le conair bóthair mhóir (Bóthar Thuama an N83 mar atá), déantar soláthar leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe do réimse suntasach de bhearta nua plandála ar na claífoirt agus leis an mbóthar beartaithe, mar a leagtar amach in Alt 12.6 i gCaibidil 12 agus i bhFíor 12.1.10 san EIAR.
- **S_008:** Déantar soláthar leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe do phlandáil suntasach maolúcháin ar na claífoirt agus ar feadh an bhóthair bheartaithe tríd an Daingean Uacht. agus an Daingean Íocht. mar a leagtar amach i bhFíor 12.1.06 san EIAR. Tugtar san áireamh scáthphlandáil suas le 6m ar leithead agus níos leithne ná sin ar chlaífoirt ar feadh an bhóthair bheartaithe agus scáthphlandáil breise agus plandáil de chineálacha eile ar fhuílleach na bplotaí a ndéantar éadáil orthu sa cheantar seo. Is é a thoradh sin go ginearálta go mbíonn cur chuige ilghnéitheach ag baint le scáthphlandáil dhlúth leis an mbóthar beartaithe agus cóngarach don bhóthar sin.
- **S_011, S_029, S_056, S_065:** Tá an t-eastát Rosán Glas suite taobh istigh de chomhthéacs fhorbraíocht bhruachbhailte Chathair na Gaillimhe faoi

mar atá cheana féin. Cé go bhfuil Bóthar Ceangail an N59 Ó Dheas suite siar ón eastát, ní thiocfaidh tionchar mór tírdhreacha ná radhairc dá bharr sin. Ina ainneoin sin, tá scáthphlandáil 3m ar leithead beartaithe mar dheighilt radhairc agus mar réimse maolúcháin idir an bóthar atá ar fáil cheana féin agus an bóthar beartaithe faoi mar a leagtar amach i bhFíor 12.1.13 san EIAR.

- **S_059** Tá Ard na Gaoithe suite taobh istigh de chomhthéacs fhorbraíocht bhruachbhailte Chathair na Gaillimhe faoi mar atá cheana féin. Cé go bhfuil an bóthar beartaithe suite siar ó thuaidh ón eastát, ní thiocfaidh tionchar mór tírdhreacha ná radhairc dá bharr sin. Ina ainneoin sin, tá scáthphlandáil 6m ar leithead beartaithe mar dheighilt radhairc agus mar réimse maolúcháin ar feadh an bhóthair bheartaithe mar a leagtar amach i bhFíor 12.1.05 san EIAR.
- **S-067** Déantar soláthar leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe do réimse leitheadach de phlandáil maolúcháin ar na claífoirt agus ar feadh an bhóthair bheartaithe trí cheantar Achadh an Churraigh mar a leagtar amach i bhFíor 12.1.06 san EIAR. Tugtar san áireamh leis sin scáthphlandáil suas le 6m ar leithead agus níos leithne ná sin ar chlaífoirt ar feadh an bhóthair bheartaithe agus scáthphlandáil breise agus plandáil de chineálacha eile ar fhuílleach na bplotaí a ndéantar éadáil orthu sa cheantar seo. Is é a thoradh sin go ginearálta go mbíonn cur chuige ilghnéitheach ag baint le scáthphlandáil dhlúth leis an mbóthar beartaithe agus cóngarach don bhóthar sin.

## 4.7 Tionchar ar Champas Spóirt OÉG agus ar Chaisleán Mhionlaigh

### Ceisteanna a tharraingítear anuas in agóidí/aighneachtaí

4.7.1 Tarraingítear anuas i roinnt aighneachtaí (i.e. Ob_528, 541, 543 agus 557), ceann ó OÉG ina measc, ábhar buartha maidir leis an tionchar a bheidh ag an mbóthar beartaithe ar cháilíocht scéimhe na dtailte taitneamhachta agus caitheamh aimsire ar Champas Spóirt OÉG a bhfuil cead isteach ag an bpobal orthu.

4.7.2 In alt 5.0, tagraítear san agóid/aighneacht ó OÉG (Ob_528, 541, 543 agus 557) do thionchar radhairc agus fiafraítear faoi ghnéithe den mheasúnacht maidir leis an tírdhreach agus tionchar radhairc, de na bearta maolúcháin agus de na Fótamontáisí a chuirtear i láthair in Aguisín A.12.2. le hImleabhar 4 den EIAR, ag glacadh le roinnt de na torthaí agus ag easaontú le torthaí eile.

4.7.3 Tarraingítear anuas tionchar chun dochair ar thaitneamhacht agus ar shuíomh Champas Spóirt OÉG sna hagóidí/aighneachtaí seo a leanas: Ob_229; Ob_510; Ob_O-511.06; Ob_531; Ob_531.2; S_010;S_024;S_068.

4.7.4 Tarraingítear anuas ábhar buartha in S_048 maidir leis an mbóthar beartaithe a bheith ina bhac ar radharcanna ar Chaisleán Mhionlaigh agus dochrach maidir le scéimhe nádúrtha an taobh tíre.

## Freagra

4.7.5 Admhaítear gan aon agó in Alt 12.3 agus i dTábla 12.2 agus Tábla 12.4 i gCaibidil 12 san EIAR an stádas agus an suntas atá le tailte taitneamhachta, caitheamh aimsire agus spóirt in OÉG agus an suntas, tírdhreach agus tábhacht radhairc a bhaineann le seanbhallaí Chaisleán Mhionlaigh, maille leis an seandiméin.

4.7.6 Admhaítear go hiomlán in Alt 12.5 i gCaibidil 12 an tionchar suntasach ionchais ó thaobh radhairc a d'fhéadfadh a bheith ag an mbóthar beartaithe a fhorbairt ar an gceann ó thuaidh de Champas Spóirt OÉG, an pailliún spóirt san áireamh, agus ar shuíomh Chaisleán Mhionlaigh agus léirítear sin sna Fótamontáisí maidir le Droichead Abhainn na Gaillimhe atá le hAguisín 12.2 le hImleabhar 4 den EIAR.

4.7.7 Bhí cur isteach ar an taobh tíre i ngleann Abhainn na Gaillimhe, tailte OÉG san áireamh, agus ar shuíomh radhairc Chaisleán Mhionlaigh a mhaolú oiread agus is féidir ar cheann de na príomhnithe a tugadh san áireamh tráth a raibh an bealach á roghnú agus an dearthóireacht á dhéanamh ar an droichead a bhaineann leis an mbóthar beartaithe. De thoradh ar an measúnacht seo, roghnaíodh conair don bhealach d'fhonn teacht ar an gcothrom idir fad ón gcaisleán agus tionchar díreach ar na tailte spóirt agus ar limistéir cónaithe in aice leo.

4.7.8 Ní mór struchtúr suntasach a chur isteach don droichead trasna Abhainn na Gaillimhe, struchtúr nach féidir scáthcheilt ó thaobh radhairc a dhéanamh air agus, dá bhrí sin, tá tábhacht le dearadh oiriúnach a roghnú ar an droichead ionas go maolaítear aon tionchar chun dochair ar an taobh tíre agus ar an radharc. Ar na cúiseanna sin, roghnaíodh struchtúr simplí go leor atá oscailte ó thaobh radhairc tríd an bpróiseas dearthóireachta don droichead le haon réise amháin thar an abhainn agus an dá bhruach.

4.7.9 Is fiú a thabhairt chun aire, agus seo ainneoin an tionchar a admhaítear san EIAR, go bhfuil aird leis an struchtúr droichid a roghnaíodh ar an suntas atá le Caisleán Mhionlaigh sa taobh tíre agus ar a fheiceálaí atá sé ar bhruach na habhann agus go gcaomhnaítear sin; go gceadaítear bealach oscailte isteach agus radharcanna suas agus síos conair na habhann; agus go gceadaítear slí i gcónaí isteach ar thailte OÉG agus timpeall orthu, bealach chuig conair na habhann agus le conair na habhann san áireamh.

4.7.10 Leagadh amach bealach agus ailíniú an bhóthair bheartaithe freisin chun an leas is fearr a bhaint as tionchar scáthcheilte a d'fhéadfadh a bheith ag coillte agus fásra a chaomhnaítear i réimse níos fairsinge taobh tíre sa ghleann. Dá thoradh sin, cuidíonn topagrafaíocht an aird agus suíomh coillte thar ar gach aon chlaífort leis an struchtúr a dhaingniú arís sa tírdhreach; agus cuirtear go suntasach leis an bhfásra caomhnaithe le réimsí forleitheadacha plandála nua ar chlaífoirt an

droichid agus thart orthu mar a leagtar amach i bhFíor 12.1.06 agus i bhFíor 12.1.07 san EIAR.

4.7.11 Tá bacainní freisin le feistiú ar uchtbhallaí an droichid d'fhonn tionchar torainn ar thailte OÉG agus sa cheantar máguaird a mhaolú. Sa chás seo, is struchtúr trédhearcach atá beartaithe ionas go laghdaítear an toirtiúlacht a chuirfeadh bacainní de chineál neamhthrédhearcach struchtúr an droichid.

4.7.12 Cinnteofar, leis an toradh forghinearálta, go gcaomhnaítear suntas agus feiceálacht Caisleán Mhionlaigh sna radharcanna le gleann na habhann agus go mbíonn bearta éifeachtúla san áireamh agus á leagan amach maidir le tionchar ar Champas Spóirt OÉG a mhaolú.

4.7.13 I gcomhthéacs níos ginearálta, leis an gcruth 'u' leathan íseal ar thopagrafaíocht ghleann na habhann agus na réimsí fairsinge fásra atá ar fáil, rud a dtreisíonn an phlandáil bheartaithe leis, cinntítear nach mórán tionchar tírdhreacha ná radhairc a tharlaíonn i suíomh fairsing an ghleanna agus na gceantar máguaird.

4.7.14 Mar fhocal scoir, tugtar chun aire go gcuirtear léiriú atá cruinn agus réasúnta ar an tionchar tírdhreacha agus radhairc ag an mbóthar beartaithe agus ag an droichead a bhaineann leis ar shuíomh áitiúil agus ar shuíomh níos leitheadaí ghleann Abhainn na Gaillimhe leis na Fótamontáisí a chuirtear ar fáil in Aguisín A.12.2 le hImleabhar 4 den EIAR.

# 5 Focal Scoir

5.1 Admhaítear sa mheasúnacht tírdhreacha agus radhairc a chuirtear i láthair i gCaibidil 12 san EIAR go dtarraingeoidh an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe tionchar suntasach tírdhreacha agus radhairc ar áitritheoirí, ar chomharsanachtaí, ar áitribh, ar ghnéithe taitneamhachta *etc*. atá suite le conair an bhóthair. Tugtar cuntas cruinn ar na réimsí tionchair san EIAR agus déantar measúnacht iomlán ina leith.

5.2 Dá réir sin, ní ábhar iontais gur tharraing an fhorbairt atá beartaithe ar an mbóthar leibhéal suntasach agóide/aighneachta i ndáil le gnéithe tírdhreacha agus radhairc.

5.3 Cé go sonraítear tionchar suntasach de chineálacha éagsúla, ní mór a thabhairt chun aire chomh maith go sonraítear go mion in Alt 12.6 i gCaibidil 12 san EIAR réimse leitheadach de bhearta maolúcháin oiriúnacha cuimsitheacha ar fud achar an bhóthair bheartaithe ar fad. Mar a leagtar amach sa ráiteas fianaise seo, téitear i ngleic, leis na bearta sin, leis na gnéithe suntasacha tionchair a shonraítear sa mheasúnacht agus a tharraingítear anuas sna hagóidí/aighneachtaí leis an mBord Pleanála.

5.4 Tá go fóill torthaí na measúnachta tírdhreacha agus radhairc mar a chuirtear i láthair san EIAR, agus mar a shoiléirítear sa ráiteas fianaise seo, agus ní chuireann ábhar na n-agóidí ná na n-aighneachtaí aon athrú orthu.